# BILEOG GNÍOMHAÍOCHTAÍ – COMHIONANNAS DO CHÁCH

## Activity 1

Úsáid an Bhileog Gníomhaíochtaí seo i dteannta Folláine do Dhaoine agus don Phláinéad, an iris do dhaltaí atá le fáil i bhfoirm páipéir agus ar líne ar an láithreán gréasáin **ourworldirishaidawards.ie**

### COMHIONANNAS DO CHÁCH (leathanach 3)

An féidir leat smaoineamh ar shamplaí ina bhfágtar daoine ar lár, nó ina gcaitear go héagórach nó go míchothrom leo sa domhan seo againne? An ardaíonn tú nó an ardófá do ghlór féin maidir le haon cheann de na neamhionannais sin?

Breac síos do smaointe sna 3 bholgán cainte atá ar thaobh na láimhe deise den mheigeafón. Ansin, sa fhráma pictiúir, tarraing pictiúr díot féin agus an meigeafón i do lámh agat.

